



Obair Shnáithe- Gníomhaíochtaí Éagsúla Teagaisc, 18 - 29 Meán Fómhair 2023

Meán Fómhair 11 – 15: Ag tacú le Naíonáin agus Pleanáil Snáithe ;
Meán Fómhair 18– 29: Obair Snáithe timpeall na scoile

Snáithe 1	Snáithe 2	Snáithe 3	Snáithe 4	Snáithe 5
Cleachtas Ionchuimsitheach	Teagaisc Foirne	Fócas Curaclaim	Ag tacú sa rang tagaisc	Gnéith Eile

Ó 18 – 29 Meán Fómhair bíonn an mac léinn páirteach i réimse gníomhaíochtaí teagaisc (Snáitheanna). Tuigtear go mbeidh cúinsí éagsúla i scoileanna éagsúla. De ghnáth tarlaíonn na gníomhaíochtaí seo timpeall na scoile ach beidh éagsúlacht ann ó scoil go scoil. Beidh éagsúlacht ann ó thaobh ama a caitear ar na Snáitheanna éagsúla ó scoil go scoil agus ar an aschur oibre. Táthar ag súil go mbeidh an mac léinn gnóthach an t-am ar fad agus go mbainfidh sé/sí leas as gach deis a tugtar dó/di. Pléifidh na mic léinn an obair shnáithe go mion sa chead seachtain (MF 11 – 15) agus déanfar athbhreithniú ar na tuairimí go rialta le foireann na scoile ina dhiaidh sin.

Snáithe 1: Cleachtas Ionchuimsitheach le fócas ar Oideachas Speisialta

Is gné ar leith den socrúchán leathnaithe í foghlaim faoi chur chuige na scoile maidir le hOideachas Speisialta. Ag leibhéal ranga, le cabhair an mhúinteora agus le cabhair múinteoirí oideachais speisialta caithfidh na mic léinn am ag cur aithne ar na daltaí d'fhonn tuiscint a fháil ar conas mar a théann daltaí, daltaí le riachtanais oideachais speisialta san áireamh, i ngleic leis an bhfoghlaim i seomra ranga ionchuimsitheach. Cuirfear béim ar thimpeallacht foghlama atá fuinniúil agus freagrach a chothú ina mbaintear úsáid as teagasc ranga uile, teagasc i ngrúpaí beaga agus teagasc aonair. Beifear ag súil go gcuirfidh mic léinn iad féin ar an eolas maidir leis an gcur chuige atá i bhfeidhm sa scoil agus cur leis an gcur chuige ag leibhéal na scoile uile mar is cuí.

Snáithe 2: Teagaisc Foirne: Ag glacadh páirt san Teagaisc foirne ar fud na scoile faoi mar is cuí sa scoil.

Snáithe 3: Fócas Curaclaim – togra beag a phleanáil agus a chur i bhfeidhm

Tá gach modúl curaclaim éigeantach déanta ag na mic léinn agus dhá mhodúl roghnach oideachais, agus iarrtar ar mhic léinn limistéar den churaclam a aithint ina bhfuil spéis ar leith acu. Forbróidh an mac léinn, i gcomhar leis an bhfoireann scoile, plean dá rogha limistéir spéise. Beidh inniúlachtaí agus scileanna an mhic léinn léirithe sa phlean agus freagróidh sé do riachtanais na scoile sa limistéar sin. Ar mhaithe le leanúnachas a chinntiú, ba chóir go mbeadh 5 sheisúin i gceist.

Snáithe 4: Ag tacú sa rang: Mar ullmhúchán don Tréimhse Teagasc, beidh an mac léinn I mbun comhairle leis an múinteoir ranga. Beidh *Punann Breathneoireachta* agus an Punann Comhairliúcháin le líonadh isreach acu. Ba choir go mbeadh said gníomhach sa rang agus le cead an mhúinteora múinfidh said cúpla cheacht.

Snáithe 5: Páirt a ghlacadh in aon tionscnamh / togra foghlama eile timpeall na scoile.